Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9360/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0089 (NLE)**

**TRANS 311**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8294/26 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir leis an athbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, leis an athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'Rothstoc – vaigíní lasta' agus maidir leis an bhfochóras 'Rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí', le formáid aonfhoirmeach deimhnithe a ghlacadh agus leis an leasú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta'<br>- Glacadh |

1. Tá inniúlacht ag Coiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar ábhair a bhaineann le hidir-inoibritheacht, comhchuibhiú teicniúil agus nósanna imeachta formheasa. Féadfaidh sí Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) atá bunaithe ar Fhoscríbhinní F agus G a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) a ghlacadh nó a leasú. Tá an cuspóir céanna ag na UTPanna faoi chuimsiú COTIF agus atá ag sonraíochtaí teicniúla an Aontais don idir-inoibritheacht bunaithe ar Chaibidil II de Threoir (AE) 2016/797.

2. Beidh an 18ú seisiún den Choiste Saineolaithe Teicniúla ar siúl i mBeirn an 9 Meitheamh 2026. I measc ábhair eile a bheidh le plé, iarrfar ar CTE cinntí a ghlacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Rialacha Nós Imeachta, ar UTP WAG ('Rothstoc — vaigíní lasta') agus ar UTP LOC &PAS ('Rothstoc — innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí'), chun Iarscríbhinn C a ghabhann le ATMF UR (Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta) a ghlacadh maidir le formáid aonfhoirmeach deimhnithe agus chun Foscríbhinn I a ghabhann le UTP TAF ('Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta') a leasú.

3. An 16 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ina leagtar amach a bhfuil sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 18ú seisiún den Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhéid a bhaineann leis na míreanna a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra an 5 Bealtaine 2026. Arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, baineadh seasamh maidir leis na leasuithe ar an lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm APTU agus ATMF, a áiríodh ar dtús sa togra ón gCoimisiún, de raon feidhme an Chinnidh ón gComhairle, agus é ar intinn é a áireamh i measc na seasamh a bhaineann le míreanna nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu don Aontas.

5. Níor tugadh aon tuairimí eile ina leith agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil an clabhsúr curtha ar an bplé ar leibhéal na meithle.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 8956/26 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, a fhormheas agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh.

7. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.